



Fingal County Council
Comhairle Contae Fhine Gall



IARRATAS AR THOILIÚ CHUN MAOIN
INACHMHAINNE A LIGEAN AR CÍOS
DÁ bhFORÁILTEAR FAOIN
SCÉIM TITHÍOCHTA INACHMHAINNE
CHOMHAIRLE CHONTAE FHINE GALL

LEABHRÁN EOLAIS
& FOIRM IARRATAIS

IARRATAS AR THOILIÚ CHUN MAOIN
INACMHAINNE A LIGEAN AR CÍOS DÁ
bhFORÁILTEAR FAOIN
SCÉIM TITHÍOCHTA INACHMHAINNE
CHOMHAIRLE CHONTAE FHINE GALL

LEABHRÁN EOLAIS

Ceadaíonn an Chomhairle d'úinéirí tithe inacmhainne a dtithe a "ligean ar cíos" ar bhonn sealadach faoi réir:

1. Tá feidhm ag an aisghlámadh ar feadh tréimhse 20 bliain ó dháta an cheannaigh, faoi réir an laghdaithe a chuirtear ar fáil idir blianta a 10 agus a 20 don ghnáthchónaitheacht ag an gceannaitheoir. Níl feidhm ag an laghdú, mura bhfuil an t-áitreabh á áitiú ag an gceannaitheoir,
2. Comhlíonann an t-iarratasóir na hoibleagáidí reachtúla a éilítear ar thiarna talún príobháideach maidir le haon ligean ina dhiaidh sin, lena n-áirítear clárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha.

Conas is féidir liom iarratas a chur isteach?

Más mian leat iarratas a chur isteach as do mhaoin inacmhainne a ligean, líon isteach an fhoirm iarratais agus seol ar ais í chuig:

Comhairle Contae Fhine Gall
Rannóg Tithíochta
Rannán na gCuntas Iasachta
Bóthar an Gharráin
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15.

Téarmaí agus Coinníollacha:

1. Tá feidhm ag an aisghlámadh ar feadh tréimhse 20 bliain ó dháta an cheannaigh, faoi réir an laghdaithe a chuirtear ar fáil idir blianta a 10 agus a 20 don ghnáthchónaitheacht ag an gceannaitheoir. Níl feidhm ag an laghdú, mura bhfuil an t-áitreabh á áitiú ag an gceannaitheoir.
2. Ní mór duit comhlíonadh leis na hoibleagáidí reachtúla * go léir a éilítear ar thiarna talún príobháideach, lena n-áirítear (a) clárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP) (b) cur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim nach í an mhaoin do ghnátháit chónaithe agus comhlíonadh lena gcuid rialachán maidir le cánacha cuí a íoc ar an ioncam cíosa.
* (Tabhair faoi deara go bhféadfadh níos mó oibleagáidí / coinníollacha bheith i bhfeidhm ar gá cloí leo. Féach ar www.revenue.ie le agus ar www.prtb.ie le do thoil agus téigh i dteagmháil le d'institiúid iasachta (féach pointe 7 thíos) le haghaidh tuilleadh eolais)
3. Ní chuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall faoiseamh cánach foinseach i bhfeidhm le haghaidh do mhorgáiste agus mar thoradh air sin méadófar do thráthchuid mhíosúil.
4. Ní mór duit seoladh seachadta ar aghaidh a chur ar fáil nó ainm, seoladh agus uimhir ghutháin de dhuine teagmhála.
5. Ní mór duit cur in iúl don Chomhairle nuair a fhilleann tú chun cónaí sa mhaoin.
6. Ní mór duit leanúint ort le de do chuid aisíocaíochtaí iasachta míosúla a íoc, lena n-áirítear árachas cosanta morgáiste agus níor chóir duit bheith ar gcúl le do chuid aisíocaíochtaí.
7. Má tá do mhorgáiste agat le hinstiúid iasachta eile seachas Comhairle Contae Fhine Gall ní mór duit an institiúid iasachtaí sin a chur ar an eolas maidir leis an ligean agus cloí lena dtéarmaí agus coinníollacha.
8. Ní mór an mhaoin a chothabháil i gceart agus a bheith saor ó iompar frithshóisialta.
9. Ní mór duit clúdach cuí árachais foirgneamh a choimeád i bhfeidhm.

IARRATAS AR THOILIÚ CHUN MAOIN INACMHAINNE A LIGEAN AR CÍOS
DÁ bhFORÁILTEAR FAOIN

SCÉIM TITHÍOCHTA INACHMHAINNE CHOMHAIRLE CHONTAE FHINE
GALL.

FOIRM IARRATAIS

SONRAÍ PEARSANTA:							
IASACHTAÍ				COMH-IASACHTAÍ			
Uimhir an Chuntais Iasachta:							
Ainm		Sloinne		Ainm		Sloinne	
Dáta Breithe:		UPSP:		Dáta Breithe:		UPSP:	
<input type="checkbox"/>							
Líon na gCleithiúnaithe:							
Uimhir Ghutháin i rith an Lae:		Uimhir Fón Póca / Baile:		Uimhir Ghutháin i rith an Lae:		Uimhir Fón Póca / Baile:	
Ríomhphost:				Ríomhphost:			
Stádas Pósta		<input type="checkbox"/> Singil <input type="checkbox"/> Pósta		Stádas Pósta		<input type="checkbox"/> Singil <input type="checkbox"/> Pósta	
		<input type="checkbox"/> Scartha <input type="checkbox"/> Colscartha				<input type="checkbox"/> Scartha <input type="checkbox"/> Colscartha	
		<input type="checkbox"/> Baintreach <input type="checkbox"/> Le Pósdh				<input type="checkbox"/> Baintreach <input type="checkbox"/> Le Pósdh	
		<input type="checkbox"/> Eile				<input type="checkbox"/> Eile	
D'Institiúid Iasachta:							
Seoladh na maoine atá le ligean:							
Dáta tosaithe an ligin:							
Tréimhse ama:							
Seoladh seachadta ar aghaidh nó sonraí an duine teagmhála:							

Cúiseanna leis an Maoine a ligean ar cíos: -

- Tugaim / Tugaimid údarás don Chomhairle aon fhaisnéis a lorg agus a fháil a fhéadfaidh a bheith riachtanach don Chomhairle ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh, ó na Coimisinéirí Ioncaim, ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, ón Institiúid Iasachta nó ó aon fhoinsé maidir leis an iarratas seo.
- Tuigim / Tuigimid go bhféadfadh aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach, nó an t-eisiamh d'aon fhaisnéis ríthábhachtach, mo/ár n-iarratas a chur ar ceal.
- Aontaím / aontaímid cloí leis na téarmaí agus na coinníollacha go léir maidir le mo mhaoin inacmhainne a ligean.
- Cuirfidh mé / Cuirfimid in iúl don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, do na Coimisinéirí Ioncaim agus do mo / dár n-institiúid iasachta (más infheidhme) maidir le mo maoin inacmhainne a ligean agus cloífidh mé/cloífimid lena dtéarmaí agus coinníollacha.
- Aontaím / aontaímid leanúint ar aghaidh le mo mhorgáiste a íoc lena n-áirítear árachas cosanta morgáiste gach mí agus gan cead a thabhairt don mhorgáiste titim i riaráistí.
- Glacaim/glacfaimid go mbeidh feidhm ag an aisghlámadh ar feadh tréimhse 20 bliain ó dháta an cheannaigh, faoi réir an laghdaithe a chuirtear ar fáil idir blianta a 10 agus a 20 don ghnáthchónaitheacht ag an gceannaitheoir. Níl feidhm ag an laghdú, mura bhfuil an t-áitreabh á áitiú ag an gceannaitheoir.

Síniú an Iasachtaí: -

Síniú an Chomhiasachtaí: -

Dáta: _____